Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 39

# An Oifig um Sholáthar Rialtais

# Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39. Tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 do thuarastail agus do chostais na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- a soláthraíodh do sheirbhísí soláthair caipitil in 2018 amach as leithreasaithe 2017 nár caitheadh, faoi na socruithe géilliúna iarchurtha arna mbunú le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €5.428 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Chuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6 mar pháirt den chuntas seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 24/2018, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le riachtanais an Chomhaontú Bainistíochta Seirbhíse idir an Oifig agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnt*e* agus do sheirbhísí roinnte párolla agus AD a sholáthar.

Táim ag braith a litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhíse Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí roinnte don Oifig seo.

Is mar seo a leanas atá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainsitíochta agus iniúchadh inmheánach.

*Timpeallacht rialaithe airgeadais*

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

Tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 39.

*Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe*

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuairiscí treimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha a chinntiú, an iarratas i gCiorclán 40/2002 san áireamh.

*Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta*

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Cuimsíonn scóp an Iniúchta Inmheánaigh agus an Choiste Iniúchta oibriúcháin na hOifige um Sholáthar Rialtais. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Creat riosca agus rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca *seo* a mhaolú.

Tá clár rioscaí í bhfeidhm a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

**Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

**Athbhreithniú ar éifeachtúlacht**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

**Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais**

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

27 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 39 An Oifig um Sholathar Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 39 An Oifig um Sholathar Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig um Sholathar Rialtais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2019

# Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar mheastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A Soláthar na seirbhíse soláthair láir | | | | |
| *Foráil na bliana seo* | 21,020 | | | |
| *Geilleadh iarchurtha* | 100 | 21,120 | 15,546 | 13,586 |
| **Ollchaiteachas** | | **21,120** | **15,546** | **13,586** |
| Lúide | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **550** | **500** | **448** |
| *Foráil na bliana seo* | 20,470 | | | |
| *Geilleadh iarchurtha* | 100 | | | |
| **Glanchaiteachas** | | **20,570** | **15,046** | **13,138** |

**Barrachas**

Tá an barrachas ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlan fheidhmithe dlíte le géilleadh gcomhair géillte don Státchiste. Faoi Chuid 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir suim ar fad nó cuid d'aon leithreasaithe neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €96,000 i leithdháileadh gan chaitheamh maidir le heilimintí caipitil ó fhotheideal A.2 ar aghaidh go dtí 2019.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 5,524,264 | 6,932,461 |
| Géilleadh iarchurtha | (96,000) | (100,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **5,428,264** | **6,832,461** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

27 Márta 2019

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nota 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 2,177 | 1,829 |
| Pá | | 11,881 | 10,529 |
| Neamhphá | | 1,488 | 1,228 |
| **Ollchaiteachas** | | **15,546** | **13,586** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **500** | **448** |
| **Glanchaiteachas** | | **15,046** | **13,138** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (63) | | |
| Dímheas | 328 | 265 | 326 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | (275) | | |
| Laghdú ar stoc | (2) | | |
| | | (277) | 194 |
| **Caiteachas díreach** | | **15,034** | **13,658** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 1,569 | 924 |
| Measchíosanna | | 48 | 48 |
| **Glanchostas an chláir** | | **16,651** | **14,630** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 39 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | 59 | 52 |
| Vóta 11 Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 187 | 163 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir[1] | 360 | — |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 943 | 697 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | 20 | 12 |
| | **1,569** | **924** |

[1] Roimhe seo, nochtadh Aoisliúntais agus Liúntais Scoir na hOifige um Sholáthar Rialtais sa nóta glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara de chuid Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 628 | 1,041 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,109 | 692 |
| Stoic | | 6 | 4 |
| Réamhíocaíochtaí | | 493 | 342 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 100 | 99 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 1,708 | 1,137 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 137 | 262 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 342 | 515 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.6 | 867 | 276 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 1,346 | 1,053 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 362 | 84 |
| **Glansócmhainní** | | **990** | **1,125** |
| **Lonannaithe ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **990** | **1,125** |

### 2.1 Cuntas um maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,125 | 1,768 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 20,570 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (96) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (5,428) | | |
| Vóta glan | | | 15,046 | 13,138 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 1,569 | 924 |
| Earraí neamhairgid – sócmhainní caipitil aistrithe | | | (147) | (123) |
| Earraí neamhairgid – meas-chláir | | | 48 | 48 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (16,651) | (14,630) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **990** | **1,125** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 1,580 | 304 | 10 | 1,894 |
| Breiseanna | 63 | — | — | 63 |
| Aistriú [a] | (93) | (133) | (4) | (230) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 1,550 | 171 | 6 | 1,727 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 767 | 82 | 5 | 854 |
| Dímheas don bhliain | 310 | 17 | 1 | 328 |
| Dímheas ar aistriú | (51) | (31) | (1) | (83) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018 | 1,026 | 68 | 5 | 1,099 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **524** | **103** | **1** | **628** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 813 | 222 | 6 | 1,041 |

[a] Baineann an aistriú seo le díbheart luachanna na sochmhainní aonair atá níos ísle ná €1,000 ón gclár sócmhainní. Tá na sócmhainní fós in úsáid.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| Ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an PMG | 1,109 | 691 |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála | — | 1 |
| | **1,109** | **692** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| Ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pas taistil | 97 | 90 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 2 | 4 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 1 | 5 |
| | **100** | **99** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| Ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 145 | 176 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 110 | 131 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 27 | 23 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | — | 45 |
| Cánach Maoine Áitiúla | 1 | 2 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 30 | 40 |
| Cáin Bhreisluacha | 29 | 54 |
| | 342 | 471 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | — | 43 |
| Mireanna sochair eile ar fionraí | — | 1 |
| | **342** | **515** |

## 2.6 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| Ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 5,428 | 6,832 |
| Géilleadh iarchurtha | 96 | 100 |
| Deontas neamhtharraingte an Státchiste | (4,657) | (6,656) |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | **867** | **276** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,109 | 692 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 100 | 99 |
| | 1,209 | 791 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (342) | (471) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | — | (44) |
| | (342) | (515) |
| | **867** | **276** |

## 2.7 Ceangaltais

| Ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 1,329 | 2,593 |

## 2.8 Dliteanais aibithe

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar na dliteanais aibithe nár n-urscaoileadh roimh dheireadh na bliana. | **2** | **15** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 14,500 | 11,881 | 10,529 |
| ii | Taisteal agus cothbháil | 250 | 250 | 202 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 735 | 763 | 585 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 160 | 92 | 89 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 360 | 256 | 206 |
| vi | Costas áitribh oifige | 230 | 127 | 145 |
| | | **16,235** | **13,369** | **11,756** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugann an nóta seo a leanas achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha ar an chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000). Tá caiteachas riaracháin dáileadh do Chlár A, le costas chláir iomlán a chur i láthair.

*i* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €14.5 milliún, toradh: €11.881 milliún

Ríomhadh an leithdháileadh ceadaithe ar an mbonn go mbainfí an lánsoláthar foirne amach faoi dheireadh na bliana. Níor baineadh an lánsoláthar sin amach de bharr deacrachtaí a bhain le hiomlaoid foirne.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar an mheastacháin €160,000, toradh: €92,000

Bhí tearc-chaitheamh ar chostais riaracháin neamhphá ann de bharr moilleanna ar bhaill foirne a earcú agus de bharr iomlaoid foirne.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar mheastacháin €360,000, toradh: €256,000

Bhí tearc-chaitheamh ann sa réimse seo freisin de bharr na moilleanna agus na hiomlaoide foirne atá luaite thuas. Is iad na príomhthosca caiteachais sna fo-mhírchinn seo ná (a) caiteachas ag Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais i leith a cuid seirbhísí a sholáthar agus (b) caiteachas a bhain leis an bhfeistiú breise ar oifigí moil, rud a d’eascair as baill foirne nua a ghlacadh ar bord.

*vi* *Costais áitribh oifige*

Soláthar mheastacháin €230,000, toradh: €127,000

Tháinig an tearc-chaitheamh laistigh den fho-mhírcheann seo chun cinn go príomha as uainiú na muirear fóntais ó na hoifigí moil agus toisc nach ndearnadh cothabháil ar áitribh mar a beartaíodh.

## Clár A Soláthar na seirbhíse soláthair lárnach

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 14,500 | 11,881 | 10,529 |
| A.2 | Riarachán – neamhpá | | | | |
| | Soláthar na bliana reatha | 1,735 | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 100 | 1,835 | 1,488 | 1,228 |
| A.3 | Costais chomhairleachta soláthair agus costais eile | | 4,785 | 2,177 | 1,829 |
| | **Iomlán** | | **21,120** | **15,546** | **13,586** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i dtaca leis an gclár thart ar €5.574 milliún níos ísle ná a soláthraíodh dó. Bhain €2.966 milliún den tsuim sin le tearc-chaitheamh ar riarachán, rud a míníodh cheana féin. Tháinig an chuid eile den difríocht (€2.608 milliún) as na nithe seo a leanas go háirithe:

*A.3 Costais chomhairleachta soláthair agus costais eile*

Soláthar mheastacháin: €4.785 milliún, toradh: €2.177 milliún

Tháinig an tearc-chaitheamh seo as na costais ar thacaíocht a fhoinsiú agus ar riachtanais acmhainní a atheagrú laistigh den aonad gnó eInvoicing a bheith níos ísle ná a bhíothas ag súil leis.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le luach saothair pinsean na seirbhíse poiblí | 500 | 467 | 401 |
| 2. | Ilghnéitheach | 50 | 33 | 47 |
| | **Iomlán** | **550** | **500** | **448** |

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Lacáiste ó sholáthraithe | 89 | 72 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (89) | (72) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **223** | **184** |

### 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 10,895 | 9,685 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 12 | 12 |
| Liúntais eile | 1 | 3 |
| Ragobair | 3 | 1 |
| ÁSPC an Fhostóra | 970 | 828 |
| **Pá iomlán** | **11,881** | **10,529** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Árd-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 1 | 1 | 11,556 | 11,600 |
| Liúntais eile | 1 | — | 666 | 2,402 |
| Ragobair | 5 | — | 1,863 | 235 |

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €33,673 (17 daoine aonair) (2017: €27,913 (naonúr). Díobh seo, bhí pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag €20,086 (5 daoine aonair) (2017: €3,846, beirt).

Aistríodh pleananna aisghabhála ró-íocaíochta ar luach € 2,185 go dtí Ranna eile i 2018.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

Chuir tairgeoir neamhrathúil agóid in aghaidh na breithe ón Oifig maidir le comórtas soláthair le haghaidh seirbhísí aistriúcháin. Mar a tharla, bhí dhá chaingean i gceist leis an gcás.

Bhain an chéad chaingean leis an achomharc in aghaidh na breithe ón Ard-Chúirt deireadh a chur leis an uathfhionraí ar cheadaigh an Chúirt Achomhairc í. Rinne an Oifig achomharc in aghaidh na breithe sin chuig an gCúirt Uachtarach, a dhiúltaigh glacadh leis an achomharc.

Bhain an dara chaingean le príomhcheist an phróisis mheastóireachta. Cé go ndearnadh an cás a chosaint go rathúil san Ard-Chúirt, tháinig an Chúirt Achomhairc ar dhá earráid fhollasacha sa phróiseas meastóireachta agus rinneadh ordú lenar cealaíodh an cinneadh chun an conradh a dhámhachtain. Rinneadh achomharc ina aghaidh sin freisin chuig an gCúirt Uachtarach, a thug cead achomhairc i mí Dheireadh Fómhair. Táthar ag súil le héisteacht le linn 2019.

Meastar go mbeidh thart ar €1 milliún le híoc ag an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir leis na caingne seo.